



bláth



duilleog



crann



spéaclaí gréine

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cad é an rud is fearr leat féin faoin tsamhradh?

**Tasc 2:**
Caitheann daoine spéaclaí gréine sa tsamhradh. Ainmnigh 5 rud eile a chaitheann daoine sa tsamhradh.

CCEA
Rewarding Learning


Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

3 An Samhradh

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# An Samhradh

Is breá le gach duine an samhradh. Bíonn an aimsir an-mhaith ar fad. Bíonn an ghrian ag soilsiú cuid mhaith den am. Fásann na **bláthanna** agus fásann **duilleoga** ar na **crainn** sa tsamhradh. Ní bhíonn duine ar bith ar scoil mar bíonn na scoileanna druidte.

Is maith le daoine dul chuig an trá sa tsamhradh fosta. Bíonn siad ag súgradh ar an trá agus ag snámh san fharraige.

In amanna bíonn an ghrian iontach te agus caithfidh muid bheith iontach cúramach. Tá sé tábhachtach **spéaclaí gréine** a chaitheamh mar thig leis an ghrian dochar a dhéanamh do na súile.



# Ceisteanna

1. **Cé acu atá fíor?**
(a) Is fuath le daoine an samhradh
(b) Ní maith le daoine an samhradh
(c) Is maith le daoine an samhradh

2. **Cad é mar a bhíonn an aimsir sa tsamhradh?**
(a) Fuar
(b) Grianmhar
(c) Scamallach

3. **Cad é a tharlaíonn do na bláthanna sa tsamhradh?**
(a) Fásann siad
(b) Faigheann siad bás
(c) Titeann na duilleoga

4. **Cén fáth nach mbíonn páistí ar scoil sa tsamhradh?**
(a) Bíonn an aimsir róthe le dul ar scoil
(b) Ní maith leo dul ar scoil
(c) Ní bhíonn na scoileanna oscailte

5. **Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach spéaclaí gréine a chaitheamh?**
(a) Tá siad deas
(b) Cuidíonn siad leat snámh
(c) Níl an ghrian maith do na súile

6. **Cad é ábhar an scéil seo go príomha?**
(a) An trá
(b) An samhradh
(c) An ghrian